Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12755/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0275(NLE)**

AELE 84
ISL 45
N 71
FL 51
MI 643

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 486 Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE, i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn X (Seirbhísí go ginearálta), ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE<br>(An Gníomh um Rialachas Sonraí) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 486 final – Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: COM(2025) 486 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2025
COM(2025) 486 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE, i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn X (Seirbhísí go ginearálta), ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(An Gníomh um Rialachas Sonraí)**

GA GA

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn X (Seirbhísí go ginearálta), Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí)[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1622 ón gCoimisiún an 9 Lúnasa 2023 maidir le dearadh lógónna coiteanna chun soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí atá aitheanta san Aontas a shainaithint[2], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Aithníonn na Páirtithe Conarthacha gur féidir na lipéid 'soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí atá aitheanta san Aontas' agus 'soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí atá aitheanta in LEE' a úsáid go hidirmhalartach, leis na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag gabháil leis an úsáid.

(4) Aithníonn na Páirtithe Conarthacha gur féidir na lipéid 'eagraíocht altrúchais sonraí atá aitheanta san Aontas' agus 'eagraíocht altrúchais sonraí atá aitheanta in LEE' a úsáid go hidirmhalartach, leis na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag gabháil leis an úsáid.

(5) Aithníonn na Páirtithe Conarthacha freisin go mbeidh na lógónna coiteanna a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1622 mar an gcéanna le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha uile. Dá bhrí sin, an tagairt do 'Aitheanta san Aontas Eorpach' sna lógónna, tuigfear í mar thagairt do 'Aitheanta in LEE'.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní X agus XI agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

[1] IO L 152, 3.6.2022, lch. 1.
[2] IO L 200, 10.8.2023, lch. 1.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 5 (Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Comhaontú LEE:

'‚ arna leasú le:

- **32022 R 0868**: Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1).'

*Airteagal 2*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5k (Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'5ka. **32022 R 0868**: Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) Tuigfear gur tagairtí do Chomhaontú LEE iad na tagairtí do dhlí an Aontais.

(b) In Airteagal 11(9), cuirfear an mhír seo a leanas leis:

'9a. A mhéid a bhaineann le heintiteas atá cláraithe sa chlár náisiúnta poiblí de sholáthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta de chuid Stáit CSTE, féadfaidh an t-eintiteas an lipéad 'soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí a aithnítear in LEE' a úsáid.'

(c) In Airteagal 17(2), cuirfear an mhír seo a leanas leis:

'2a. A mhéid a bhaineann le heintiteas atá cláraithe sa chlár náisiúnta poiblí d'eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí aitheanta de chuid Stáit CSTE, féadfaidh an t-eintiteas an lipéad 'eagraíocht altrúchais sonraí a aithnítear in LEE' a úsáid.'

(d) In Airteagal 24(5), cuirfear na focail ', nó 'eagraíocht altrúchais sonraí a aithnítear in LEE', de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh na bhfocal 'eagraíocht altrúchais sonraí a aithnítear san Aontas''.

(e) In Airteagal 29(1), cuirfear an fhomhír seo a leanas leis:

'Beidh Stáit CSTE rannpháirteach go hiomlán sa Bhord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí, cé is moite den cheart vótála.'

5kaa. **32023 R 1622**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1622 ón gCoimisiún an 9 Lúnasa 2023 maidir le dearadh lógónna coiteanna chun soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí atá aitheanta san Aontas a shainaithint, (IO L 200, 10.8.2023, lch. 1).'

*Airteagal 3*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i bPrótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE:

'49. An Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí (Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).'

*Airteagal 4*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacs Rialacháin (AE) 2022/868 agus i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1622 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an[…], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha[*], nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 333/2022 ó Chomhchoiste LEE an 9 Nollaig 2022[3], cibé acu is déanaí.

*Airteagal 6*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
*[…]*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
*[…]*

[3] [*] [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]
[4] IO L